RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2581 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Meitheamh 2022

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar faisnéise in iarratais ar údarú mar údarás creidmheasa

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580 ón gCoimisiún ([2]), leagtar amach cén fhaisnéis atá le soláthar ag na húdaráis inniúla in iarratais ar údarú mar institiúid creidmheasa.

(2) Chun críocha comhchuibhithe, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh iarratasóirí ar údarú mar institiúid creidmheasa an fhaisnéis a iarraidh maidir le húdarú den sórt sin a thíolacadh ar bhealach aonfhoirmeach, tríd na foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha céanna a úsáid trasna an Aontais.

(3) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(5) Chun am leordhóthanach a thabhairt d'údaráis inniúla agus iarratasóirí mar institiúidí creidmheasa chun iad féin a chur in oiriúint do na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart an dáta cur i bhfeidhm a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarratas a chur isteach ar údarú mar institiúid creidmheasa

1. Déanfaidh iarratasóirí ar údarú mar institiúid creidmheasa an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagail 1 go 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580 a thíolacadh dá n-údarás inniúil tríd an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a líonadh isteach.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis atá le soláthar san iarratas ar údarú mar institiúid creidmheasa, agus lena sonraítear na bacainní lena bhféadfaí cosc a chur ar fheidhmiú éifeachtach feidhmeanna maoirseachta údarás inniúil (IO L 335, XX.XX.XXXX, lch. 64).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Léireoidh údaráis inniúla na sonraí teagmhála chun iarratas ar údarú mar institiúid creidmheasa a chur isteach ar a shuíomh gréasáin agus léireoidh siad cibé acu an gá an t-iarratas a chur isteach i bhformaid pháipéir, i bhformaid leictreonach nó sa dá fhormaid.

Airteagal 2

Measúnú ar iomláine iarratas ar údarás mar institiúid creidmheasa

1. Measfar go mbeidh iarratais ar údarú mar institiúid creidmheasa comhlánaithe má tá gach faisnéis a iarrtar le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580 sna hiarratais sin.

2. I gcás ina ndéantar an fhaisnéis a thugtar san iarratas a mheasúnú agus go bhfaightear amach go bhfuil an fhaisnéis neamhiomlán, seolfaidh na húdaráis inniúla, i bhformaid pháipéir nó trí mhodhanna leictreonacha, iarraidh chuig na hiarratasóirí lena mbaineann lena léireofar an fhaisnéis bhreise atá ag teastáil, agus tabharfaidh siad deis do na hiarratasóirí sin chun an fhaisnéis a aithnítear a chur isteach.

3. Ar iarratas a mheasúnú ina iarratas comhlánaithe, cuirfidh an t-údarás inniúil an tiarratasóir ar an eolas faoi sin, mar aon leis an dáta a bhfuarthas an iarratais chomhlánaithe nó, de réir mar a bheidh, an dáta a bhfuarthas an fhaisnéis lenar comhlánaíodh an t-iarratas.

4. Féadfaidh údaráis inniúla a iarraidh ar an iarratasóir mínithe breise agus fhaisnéis fhorlíontach a sholáthar chun críocha an t-iarratas a mheasúnú.

Airteagal 3

Iarratais ar údarú mar institiúid creidmheasa faoi réir an Rialacháin seo

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiarratais ar údarú mar institiúid creidmheasa arna gcur isteach ar XX.XX.XXX nó ina dhiaidh.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón XX.XX.XXX.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Faisnéis arna soláthar chun críocha an iarratais ar údarú

Dáta: ……

Uimhir thagartha: ……..

Ainm an iarratasóra:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an teagmhálaí ainmnithe)

Ainm:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

Is iarratas ar údarú mar institiúid chreidmheasa é seo a cuireadh isteach i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580 ón gCoimisiún ([1])

Deimhnímid go bhfuil an fhaisnéis arna cur ar fáil san iarratas seo fíor, cruinn, comhlánaithe agus nach bhfuil sí míthreorach. Mura leagtar amach a mhalairt go sonrach, tá an fhaisnéis cothrom le dáta ar dháta an iarratais seo. I gcás ina léireoidh faisnéis áirithe dáta amach anseo, léirítear é go sonrach san iarratas agus glacaimid orainn féin a chur in iúl don údarás i scríbhinn gan mhoill i gcás go mbeadh aon fhaisnéis den sórt sin bréagach, míchruinn, neamhchomhlánaithe nó míthreorach.

[*Ainm an iarratasóra*]

Arna chur isteach ag: ……

Ainm:

Post:

Tábla 1

Tíolacadh na faisnéise maidir leis an institiúid creidmheasa is iarratasóir (Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580

1.1. **Teagmhálaithe chun críocha an iarratais (Airteagal 1, pointí (a) agus (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Sonraí an duine an duine is ceart teagmháil a dhéanamh leis maidir leis an iarratas	
Teideal	
Ainm iomlán	
Post	
Uimhir theileafóin	
Uimhir mhóibíleach	
Facs (más ann dó)	
Seoladh ríomhphoist	
Príomhchomhairleoir gairmiúil atá páirteach in ullmhú an iarratais (más ann dó)	
Teideal	
Ainm iomlán	
Ról	
Uimhir theileafóin	
Uimhir mhóibíleach	

([1]) IO L 335, XX.XX.XXXX, lch. 64.

Facs (más ann dó)	
Seoladh ríomhphoist	

1.2. **Sainaithint na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir (Airteagal 1, pointí (c) go (k), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Ainm na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir agus ainm gnó ar bith eile a úsáidtear nó atá le húsáid ag an institiúid creidmheasa is iarratasóir	
Pleananna atá beartaithe (más ann dóibh) chun ainm na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir a athrú agus míniú maidir leis na hathruithe beartaithe	
Lógó	
Foirm dhlíthiúil na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir	
Dáta an chorpraithe nó an fhoirmithe	
Dlínse an chorpraithe nó an fhoirmithe	
Seoladh oifig chláraithe na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir agus, i gcás nach ionann é, seoladh a príomhoifige, agus a príomháite gnó	
Sonraí teagmhála na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir i gcás nach ionann iad agus na sonraí a tugadh faoi roinn 1.1 sa tábla seo: uimhir theileafóin, uimhir mhóibíleach, uimhir facs (más ann dó), agus seoladh ríomhphoist	
I gcás ina bhfuil an institiúid creidmheasa is iarratasóir cláraithe i gclár lárnach, i gclár tráchtála, i gclár na gcuideachtaí nó i gclár poiblí comhchosúil, ainm an chláir sin, agus cláruimhir na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir nó modh aitheantais coibhéiseach sa chlár sin	
Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI) na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir, más ann dó	
Dáta dheireadh na bliana cuntasaíochta le haghaidh na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir	
Suíomhanna gréasáin na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir, más ann dóibh	

1.3. **Doiciméid bhunreachtúla (Airteagal 1, pointe (l), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun a sholáthraítear cóip d'airteagail chomhlachais na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir nó doiciméid bhunreachtúla choibhéiseacha, agus, i gcás inarb infheidhme, fianaise ar chlárú leis an gclár a ainmnítear le dlí an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir le Airteagal 16 de Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2])	

1.4. **Stair na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir agus a fochuideachtaí (Airteagal 2, pointí (a) go (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Deimhniú i dtaobh cibé acu an ndearna nó nach ndearna an institiúid creidmheasa is iarratasóir gníomhaíochtaí trádála nó eile roimhe seo (rinne/ní dhearna) (má rinne, comhlánaigh na réimsí atá fágtha i roinn 1.4 den tábla seo)	
Mionsonraí maidir le ceadúnais, údaruithe, clárúcháin nó ceadaithe eile na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir nó aon cheann dá fochuideachtaí chun gníomhaíochtaí a dhéanamh in earnáil na seirbhísí airgeadais arna ndeonú ag údarú poiblí nó aon eintiteas eile a chomhlíonann feidhmeanna poiblí i mBallstát nó tríú tír ar bith a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (a)(i) go (iv), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
Mionsonraí maidir le haon teagmhas suntasach a bhaineann leis an institiúid creidmheasa is iarratasóir nó le haon cheann dá fochuideachtaí a tharla nó atá ag tarlú agus a d'fhéadfaí a mheas le réasún a bheith ábhartha le haghaidh an údaraithe, lena n-áirítear aon cheann de na hábhair a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
Faisnéis maidir le haon teagmhas a liostaítear sa dearbhú, lena n-áirítear ainm agus seoladh na cúirte coiriúla nó sibhialta ábhartha nó an údaráis shibhialta nó riaracháin ábhartha, dáta an teagmhais, an méid a bhí i gceist, toradh na n-imeachtaí agus míniú ar imthosca an teagmhais lenar tionscnaíodh na himeachtaí	

([2]) Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 a bhaineann le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

1.5. **Táillí is infheidhme (Airteagal 2, pointe (d) agus (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Eilimintí is gá chun táillí ar bith is infheidhme a ríomh i gcás, de bhun dhlí an Aontais nó dlí náisiúnta, ina ríomhtar aon táille iarratais nó aon táille maoirseachta atá le híoc ag an institiúid creidmheasa is iarratasóir ar bhonn ghníomhaíochtaí nó thréithe na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir fianaise a fháil maidir le híocaíocht táille ar bith is infheidhme, i gcás inarb infheidhme de bhun dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta	

Tábla 2

Clár na ngníomhaíochtaí (Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)

Gníomhaíochtaí (Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir clár na ngníomhaíochtaí a fháil, lena n-áirítear (a) liosta na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé ar intinn ag an institiúid creidmheasa is iarratasóir a dhéanamh, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE agus (b) tuairisc ar an gcaoi a thagann clár na n-oibríochtaí leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe	

Tábla 3

Faisnéis airgeadais (Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)

3.1. **Faisnéis réamhaisnéise (Airteagal 4, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Iarscríbhinn ar faoina bun is féidir faisnéis réamhaisnéise a fháil maidir leis an institiúid creidmheasa is iarratasóir ar leibhéal aonair agus, i gcás inarb infheidhme, ar leibhéil grúpa chomhdhlúite agus fho-chomhdhlúite mar a cheanglaítear le hAirteagal 4, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	

3.2. **Ráitis airgeadais reachtúla (Airteagal 4, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir na ráitis airgeadais reachtúla a fháil maidir leis an institiúid creidmheasa is iarratasóir ar leibhéal aonair agus, i gcás inarb infheidhme, ar leibhéil grúpa chomhdhlúite agus fho-chomhdhlúite mar a cheanglaítear le hAirteagal 4, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
3.3. **Féichiúnas (Airteagal 4, pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir achoimre a fháil ar aon fhéichiúnas a tabhaíodh nó a meastar a thabhóidh an institiúid creidmheasa is iarratasóir sula dtosófar a gníomhaíochtaí mar institiúid creidmheasa mar a cheanglaítear le hAirteagal 4, pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
3.4. **Leasanna urrúis, ráthaíochtaí nó slánaíochtaí (Airteagal 4, pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir achoimre a fháil ar aon leas urrúis, ráthaíocht nó slánaíocht a deonaíodh nó a meastar a bheith á dheonú nó á deonú ag an institiúid creidmheasa is iarratasóir sular dtosófar a gníomhaíochtaí mar institiúid creidmheasa	
3.5. **Rátáil chreidmheasa (Airteagal 4, pointe (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
I gcás ina bhfuil sí ar fáil, faisnéis maidir le rátáil chreidmheasa na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir agus maidir le rátáil fhoriomlán a grúpa	
3.6. **Maoirseacht chomhdhlúite (Airteagal 4, pointe (f), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoin bun is féidir, i gcás inarb infheidhme, anailís maidir le raon feidhme na maoirseachta comhdhlúite a fháil de bhun na gceanglas comhdhlúite mar a cheanglaítear le hAirteagal 4, pointe (f), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
3.7. **Creata agus beartais (Airteagal 4, pointe (g)(i) go (x), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Achoimre ar an gcreat bainistíochta riosca mar a cheanglaítear le hAirteagal 4, pointe (g), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
Achoimre ar an mbeartas bainistíochta riosca ó thaobh na leachtachta de	

Achoimre ar an mbeartas maidir le comhchruinniú cistiúcháin agus éagsúlú cistiúcháin	
Achoimre ar an mbeartas bainistíochta maidir le comhthaobhacht	
Achoimre ar an mbeartas taisce	
Achoimre ar an mbeartas maidir le creidmheas agus iasachtú	
Achoimre ar an mbeartas maidir le comhchruinniú riosca	
Achoimre ar an mbeartas soláthair	
Achoimre ar an mbeartas bainistíochta maidir le díbhinní a dháileadh	
Achoimre ar an mbeartas maidir leis an leabhar trádála	
3.8. **An próiseas maidir le plean téarnaimh a fhorbairt (Airteagal 4, pointe (h), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Tuairisc ar phróiseas na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir chun plean téarnaimh a fhorbairt, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (32), de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus, i gcás inarb infheidhme, plean téarnaimh grúpa, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (33), den Treoir sin	
3.9. **Scéim ráthaithe taisce (Airteagal 4, pointe (i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Ráiteas nó deimhniú go mbeidh an institiúid creidmheasa is iarratasóir, roimh dháta an údaraithe nó an dáta sin ar a dhéanaí, ina comhalta de scéim ráthaithe taiscí atá aitheanta go hoifigiúil sa Bhallstát ina ndéantar an t-iarratas a thíolacadh, mar a cheanglaítear le Airteagal 4(3) de Threoir 2014/49/AE	
Ainm na scéime ráthaithe taisce	
3.10. **Scéim cosanta institiúideach (Airteagal 4, pointe (j), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Ainm scéim cosanta institiúideach ar bith, mar a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), a ndeachaigh an institiúid creidmheasa is iarratasóir ina bun nó a mbeartaíonn an institiúid dul ina bun	

([3]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus na ngnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Tábla 4

Clár na n-oibríochtaí, eagrúchán struchtúrtha, córais rialaithe inmheánaigh agus iniúchóirí (Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)

4.1. **Clár oibríochtaí (Airteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir clár na n-oibríochtaí a fháil mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
4.2. **Socruithe maidir le heagrúchán, struchtúr agus rialachas (Airteagal 5(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir achoimre a fháil ar socruithe maidir le heagrúchán, struchtúr agus rialachas na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
4.3. **Creat Rialaithe Inmheánaigh (Airteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir forbhreathnú a fháil maidir le heagrúchán inmheánach (lena n-áirítear acmhainní buiséadacha agus daonna tiomnaithe) na feidhme comhlíonta, na feidhme bainistíochta riosca agus na feidhme iniúchta inmheánaí mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(1), pointe (c)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
Achoimre ar an mbeartas sceithireachta	
Achoimre ar an mbeartas maidir le coinbhleacht leasa	
Achoimre ar an mbeartas maidir le gearáin a láimhseáil	
Achoimre ar an mbeartas maidir leis an drochúsáid mhargaidh	
Achoimre ar an mbearta lena gcuirtear ilchineálacht chun cinn sa chomhlacht bainistíochta	
Achoimre ar an mbeartas maidir le luach saothair do bhaill foirne ag a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir	
Achoimre ar na córais agus ar na beartais maidir le measúnú a dhéanamh ar rioscaí an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoirí, lena n-áirítear forbhreathnú maidir leis na príomhnósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun an riosca a chomhrac go bhféadfaí an institiúid creidmheasa is iarratasóir a úsáid chun coireacht airgeadais a chur chun cinn	

4.4. **Acmhainní iniúchta inmheanaí (Airteagal 5(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Tuairisc ar na hacmhainní iniúchóireachta inmheánaí agus achoimre ar an modheolaíocht agus ar an bplean iniúchóireachta inmheánaí i gcomhair na 3 bliana tar éis a húdaraithe, lena n-áirítear iniúchadh ar sheirbhísí seachtracha	
4.5. **Beartais agus pleananna (Airteagal 5(1), pointe (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Achoimre ar an mbeartas iniúchóireachta inmheánaí	
Achoimre ar an mbeartas rialachais táirgí	
Achoimre ar an mbeartas cosanta tomhaltóirí	
Achoimre ar an bplean agus ar an mbeartas maidir le leanúnachas gnó, lena n-áirítear forbhreathnú ar chórais chúltaca agus téarnaimh atá le fáil agus ar phleananna lena n-áirithítear infhaighteacht na bpríomhbhall foirne i staideanna ina bhfuil leanúnachas gnó i gceist	
4.6. **Struchtúr na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir (Airteagal 5(1), pointí (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Achoimre ar an seachfhoinsiú seachtrach agus inghrúpa chun tacú le hoibríochtaí nó gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir, lena n-áirítear faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (f), pointe (i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
Achoimre ar fhreagrachtaí formhaoirseachta agus ar shocruithe, ar chórais agus ar rialuithe le haghaidh gach feidhm sheachfhoinsithe atá criticiúil nó tábhachtach do bhainistíocht agus d'oibríochtaí na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir	
Achoimre ar na comhaontuithe leibhéil seirbhíse agus ar na socruithe le haghaidh gach feidhm sheachfhoinsithe atá criticiúil nó tábhachtach do bhainistíocht agus d'oibríochtaí na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir	
Tuairisc ar bhonneagar TF na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir, lena n-áirítear na córais atá in úsáid nó atá le húsáid, a socruithe óstála, eagrú a feidhme TF, a struchtúir TF, a straitéise TF agus a rialachais TF, a cuid beartas agus nósanna imeachta slándála TF, agus aon chóras agus aon rialú atá i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm chun saoráidí baincéireachta ar líne a sholáthar	

4.7. **Iniúchóirí reachtúla nó gnólacht iniúchtóireachta (Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Ainm	
Seoladh	
Pointe teagmhála (ainm, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist)	

Tábla 5

Caipiteal tosaigh (Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)

5.1. **Caipiteal tosaigh agus cistí dílse (Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir fianaise a fháil maidir le caipiteal eisithe, caipiteal láníoctha agus caipiteal nár íocadh fós de chuid na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir	
Tuairisc ar chineálacha agus méideanna na gcistí dísle a chomhfhreagraíonn don chaipiteal tosaigh	
I gcás nach bhfuil an caipiteal tosaigh láníoctha tráth thíolactha an iarratais, tuairisc ar an bplean agus ar sprioc-am cur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh an caipiteal tosaigh láníoctha sula mbeidh an t-údarú chun gníomhaíocht a thosú mar institiúid creidmheasa éifeachtach	
5.2. **Foinsí cistithe atá ar fáil le haghaidh cistí dílse (Airteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Míniú ar na foinsí cistithe atá ar fáil le haghaidh cistí dílse agus iarscríbhinn ar faoina bun is féidir fianaise a fháil maidir le hinfhaighteacht na bhfoinsí cistithe sin mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
5.3. **Méideanna, cineálacha agus dáileadh caipitil inmheánaigh (Airteagal 6(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir measúnú a fháil maidir le méideanna, cineálacha agus dáileadh caipitil inmheánaigh a measann an institiúid creidmheasa is iarratasóir leordhóthanach chun nádúr agus leibhéal na rioscaí a mbeidh an institiúid creidmheasa is iarratasóir neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu, agus an anailís mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	

Tábla 6

Treo éifeachtach (Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)

6.1. **Comhaltaí an chomhlachta bainistíochta (comhlánaigh cóip leithleach de chuid na ranna seo den tábla le haghaidh gach duine aonair) (Airteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580**	
Ainm an duine agus, i gcás nach ionann é, aon ainm a bhí air roimhe	
Inscne	
An áit breithe	
An dáta breithe	
Seoladh	
Uimhir theileafóin	
Uimhir mhóibíleach	
Seoladh ríomhphoist	
Náisiúntacht	
Uimhir aitheantais phearsanta nó an iarscríbhinn ar faoina bun is féidir cóip a fháil den chárta aitheantais náisiúnta nó a chomhionann	
Mionsonraí an phoist atá ag an duine nó atá le bheith ag an duine, lena n-áirítear cibé acu an post feidhmiúcháin nó neamhfheidhmiúcháin é, an dáta tosaithe nó an dáta tosaithe beartaithe agus fad an tsainordaithe, agus tuairisc ar phríomhdhualgais agus ar phríomhfhreagrachtaí an duine	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir curriculum vitae a fháil mar a cheanglaítear le pointe 1(d) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir liosta a fháil de dhaoine tagartha lena n-áirítear faisnéis teagmhála, ó fhostóirí in earnáil na seirbhísí baincéireachta nó airgeadais más féidir, lena n-áirítear ainm iomlán, institiúid, post, uimhir theileafóin, ríomhphost, cineál an chaidrimh ghairmiúil agus faisnéis faoi cibé acu an ann nó arbh ann d'aon chaidreamh neamhghairmiúil leis an duine sin nó nach ann nó nárbh ann	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir taifid choiriúla agus faisnéis ábhartha a fháil maidir le himscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla, cásanna ábhartha sibhialta agus riaracháin, agus bearta araíonachta (lena n-áirítear dícháiliú mar stiúrthóir cuideachta, féimheacht, dócmhainneacht agus imeachtaí comhchosúla) trí dheimhniú oifigiúil nó, i gcás nach ann do dheimhniú den sórt sin, aon fhoinse faisnéise iontaofa a bhaineann leis an easpa ciontuithe coiriúla, imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla	

An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir ráiteas a fháil maidir le cibé acu a bhfuil imeachtaí coiriúla ar feitheamh nó nach bhfuil nó cibé acu a bhí an duine nó aon eagraíocht a bhainistigh é nó í páirteach mar fhéichiúnaí in imeachtaí dócmhainneachta nó in imeacht inchomparáide nó nach raibh	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir faisnéis a fháil maidir le hábhair a leagtar amach i bpointe 1(f)(iii) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir tuairisc a fháil maidir le gach leas airgeadais agus neamhairgeadais a d'fhéadfaí coinbhleachtaí féideartha leasa a chruthú mar a cheanglaítear le pointe 1(g), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir mionsonraí a fháil chun a thaispeáint go bhfuil am leordhóthanach ag an duine aonair chun an sainordú a ghabháil air nó uirthi féin mar a cheanglaítear le pointe 1(h), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
Mionsonraí i leith toradh aon mheasúnaithe maidir le hoiriúnacht an duine arna dhéanamh ag an institiúid creidmheasa is iarratasóir a shainítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580 ón gCoimisiún	
6.2. **Faisnéis eile a iarrtar i ndáil le comhlachtaí den chomhlacht bainistíochta (Airteagal 7(1), agus pointí 2, 4 agus 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Tuairisc maidir le coiste ar bith de chuid an chomhlachta bainistíochta atá pleanáilte tráth an iarratais, lena n-áirítear a chomhaltaí agus a chumhachtaí	
Ráiteas maidir le measúnú foriomlán na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir ar oiriúnacht chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta, lena n-áirítear miontuairiscí ábhartha boird nó tuarascáil mheasúnaithe oiriúnachta ábhartha nó doiciméid mheasúnaithe oiriúnachta ábhartha	
Tuairisc ar an mbealach ar cuireadh ilchineálacht na dtréithe agus na n-inniúlachtaí san áireamh agus comhaltaí an chomhlachta bainistíochta á roghnú	
6.3. **Ceannairí feidhme rialaithe inmheánaigh nó an príomhoifigeach airgeadais nach comhaltaí den chomhlacht bainistíochta iad (comhlánaigh cóip leithleach de chuid na ranna seo den tábla le haghaidh gach duine aonair) (Airteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580**	
Ainm an duine agus, i gcás nach ionann é, aon ainm a bhí air roimhe	
Inscne	
An áit breithe	
An dáta breithe	
Seoladh	

Uimhir theileafóin	
Uimhir mhóibíleach	
Seoladh ríomhphoist	
Náisiúntacht	
Uimhir aitheantais phearsanta nó an iarscríbhinn ar faoina bun is féidir cóip a fháil den chárta aitheantais náisiúnta nó a chomhionann	
Mionsonraí an phoist atá ag an duine nó atá le bheith ag an duine, lena n-áirítear cibé acu an post feidhmiúcháin nó neamhfheidhmiúcháin é, an dáta tosaithe nó an dáta tosaithe beartaithe agus fad an tsainordaithe, agus tuairisc ar phríomhdhualgais agus ar phríomhfhreagrachtaí an duine	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir curriculum vitae a fháil mar a cheanglaítear le pointe 1(d) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir liosta a fháil de dhaoine tagartha lena n-áirítear faisnéis teagmhála, ó fhostóirí in earnáil na seirbhísí baincéireachta nó airgeadais más féidir, lena n-áirítear ainm iomlán, institiúid, post, uimhir theileafóin, ríomhphost, cineál an chaidrimh ghairmiúil agus faisnéis faoi cibé acu an ann nó arbh ann d'aon chaidreamh neamhghairmiúil leis an duine sin nó nach ann nó nárbh ann	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir taifid choiriúla agus faisnéis ábhartha a fháil maidir le himscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla, cásanna ábhartha sibhialta agus riaracháin, agus bearta araíonachta (lena n-áirítear dícháiliú mar stiúrthóir cuideachta, féimheacht, dócmhainneacht agus imeachtaí comhchosúla) trí dheimhniú oifigiúil nó, i gcás nach ann do dheimhniú den sórt sin, aon fhoinse faisnéise iontaofa a bhaineann leis an easpa ciontuithe coiriúla, imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí coiriúla	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir ráiteas a fháil maidir le cibé acu a bhfuil imeachtaí coiriúla ar feitheamh nó nach bhfuil nó cibé acu a bhí an duine nó aon eagraíocht a bhainistigh é nó í páirteach mar fhéichiúnaí in imeachtaí dócmhainneachta nó in imeacht inchomparáide nó nach raibh	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir faisnéis a fháil maidir le hábhair a leagtar amach i bpointe 1(f)(iii) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
Mionsonraí i leith toradh aon mheasúnaithe maidir le hoiriúnacht an duine arna dhéanamh ag an institiúid creidmheasa is iarratasóir a shainítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	

6.4. **Cumhachtaí, freagrachtaí agus seachvótálaithe a bhronntar ar chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir (Airteagal 7(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
Tuairisc ar na cumhachtaí, freagrachtaí agus seachvótálaithe a bhronntar ar chomhaltaí de chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir, agus i gcás inarb ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580, a bhronntar ar cheannairí feidhme rialaithe inmheánaigh nó ar an bpríomhoifigeach airgeadais nach comhaltaí den chomhlacht bainistíochta iad	

Tábla 7

Scairshealbhóirí agus comhaltaí le sealúchas cáilithe (Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)

7.1. **Scairshealbhóirí agus comhaltaí (daoine dlítheanacha agus nádúrtha (Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir an fhaisnéis a fháil i ndáil le gach duine nádúrtha agus duine dlítheanach le sealúchas cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
7.2. **Faisnéis bhreise i ndáil le daoine nádúrtha (Airteagal 8(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir an fhaisnéis bhreise a fháil i ndáil le gach duine nádúrtha le sealúchas cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 8(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
7.3. **Faisnéis bhreise i ndáil le daoine dlítheanacha nó eintitis nach daoine dlítheanacha iad agus a bhfuil rannpháirtíochtaí acu faoina n-ainm féin nó a mbeidh rannpháirtíochtaí acu faoina n-ainm féin (Airteagal 8(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir an fhaisnéis bhreise a fháil i ndáil le gach duine dlítheanach nó eintiteas nach duine dlítheanach é agus a bhfuil rannpháirtíochtaí aige faoina n-ainm féin nó a mbeidh rannpháirtíochtaí aige faoina n-ainm féin ar faisnéis é dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580	
7.4. **Iontaobhais (Airteagal 8(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	
7.5. **Comhaltaí d'eintiteas nach duine dlítheanach é i gcás ina bhfágfar go láimhseofar an sealúchas cáilithe san institiúid creidmheasa is iarratasóir mar shócmhainn de chuid an eintitis (Airteagal 8(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)	

Tábla 8

Na 20 scairshealbhóir nó comhalta is mó (Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)

8.1. **Struchtúr na Scairshealbhóirí (Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir cairt a fháil lena leagtar amach struchtúr scairshealbhóirí na hinstitiúide creidmheasa is iarratasóir, lena n-áirítear an miondealú ar a chaipiteal agus ar a chearta vótála	
8.2. **Liosta ainmneacha gach duine agus gach eintiteas eile le scairsheilbh agus mionsonraí ábhartha eile (Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)**	
An iarscríbhinn ar faoina bun is féidir liosta ainmneacha a fháil de gach duine agus gach eintiteas eile le scairsheilbh den chineál a shainítear in Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580 lena léirítear an méid seo a leanas i leith gach duine nó eintiteas den sórt: — an líon agus cineál scaireanna nó sealúchas eile atá suibscríofa nó atá le suibscríobh; — luach ainmniúil scaireanna eile nó sealúchas eile den sórt sin; — préimh ar bith a íocadh nó atá le híoc; — aon leas urrúis nó aon ualú atá cruthaithe i leith na scaireanna nó na sealúchas eile sin, lena n-áirítear aitheantas na bpáirtithe urraithe; agus — i gcás inarb infheidhme, gealltanas ar bith a dhéanann na daoine nó na heintitis sin a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go gcomhlíonfaidh an institiúid creidmheasa na ceanglais stuamachta is infheidhme	

Tábla 9

Míreanna faisnéise a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)

Faisnéis a iarrann an t-údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580 (comhlánaigh de réir mar is infheidhme trí thuairisc a chur sa cholún clé ar an bhfaisnéis a iarrtar agus an fhaisnéis a chur sa cholún ar dheis)	

Tábla 10

Míreanna faisnéise a fágadh ar lár san iarratas i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580)

10.1.	**Faisnéise a fágadh ar lár i gcomhréir le hAirteagal 11, pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580) (comhlánaigh le liosta na faisnéise de réir mar is infheidhme)**

10.2.	**Faisnéise a fágadh ar lár i gcomhréir le hAirteagal 11, pointe (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2580) (comhlánaigh le liosta na faisnéise de réir mar is infheidhme)**